C/2025/3207

6.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3207)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘dell’Emilia / Emilia’

PGI-IT-A0509-AM07 — 10.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘dell’Emilia / Emilia’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Comhlíonann na leasuithe seo an sainmhíniú ar leasú caighdeánach in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ós rud é nach dtagann siad faoi na sainmhínithe in Airteagal 24(3) den Rialachán céanna. I bhfocail eile:

— níl i gceist leo athrú ar an ainm, ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge;

— ní chuirtear an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní leo;

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Sonraíocht catagóire a chur isteach*

Tuairisc:

Sonraíodh an chatagóir lena mbaineann na fíonta súilíneacha ‘dell’Emilia / Emilia’ (‘fíonta súilíneacha’).

Cúis:

Rinneadh an leasú chun na catagóirí fíona shúilínigh a tháirgtear a shoiléiriú.

Baineann an leasú le hAirteagal 1 den tsonraíocht táirge.

2. Cineál nua Ancellotta Rosato (*rosé*) a chur isteach sna leaganacha ‘fíon’, ‘fíon leathshúilíneach’, ‘fíon súilíneach’ agus ‘úrfhíon leathchoipthe’

Tuairisc:

Tugadh an cineál nua Ancellotta Rosato isteach (sna leaganacha ‘fíon’, ‘fíon leathshúilíneach’, ‘fíon súilíneach’ agus ‘úrfhíon leathchoipthe’) agus cuireadh an téarma ‘Rosso’ [dearg] leis an gcineál Ancellotta atá ann cheana chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chineál.

Cúis:

Le blianta beaga anuas, tá feabhas inbhraite agus feabhas nach beag tagtha ar theicnící fíoneolaíochta agus tá sé éasca anois fíonta *rosé* a tháirgeadh as fíonchaora a bhfuil déine láidir datha acu. Thairis sin, le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar fhíonta *rosé*, cé gur éileamh é a bhíonn luaineach, toisc go bhfuil tóir ag tomhaltóirí ar fhíonta den sórt sin. Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht fíonta *rosé* a tháirgeadh as fíonchaora Ancellotta beartaithe chun deis bhreise a sholáthar do tháirgeoirí, chun ligean dóibh leas a bhaint as saintréithe sonracha an chineáil agus, an tráth céanna, cineál Ancellotta a athbheochan chun a dtairiscint do thomhaltóirí a leathnú.

Baineann an leasú le hAirteagail 1 agus 6 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal ‘Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)’ aonair.

3. *An leagan ‘úrfhíon leathchoipthe’ a chur isteach i gcás an chineáil Lambrusco Rosato*

Tuairisc:

Cuireadh an leagan ‘úrfhíon leathchoipthe’ isteach i gcás an chineáil Lambrusco Rosato.

Cúis:

Tá an leagan ‘úrfhíon leathchoipthe’ curtha isteach cheana féin i gcás na gcineálacha Lambrusco Rosso agus Lambrusco Vinificato in Bianco [coipthe gan na craicne]. Dá bhrí sin, is cosúil gurb é fágáil ar lár de thaisme an chúis is inchreidte leis an gcineál Lambrusco Rosato a bheith in easnamh. De bhreis air sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an coincheap maidir le fíonta a bheith ‘dearg’ nó ‘rosé’ sách athraitheach sna críocha éagsúla agus go mbraitheann sé ar thraidisiúin agus nósanna áitiúla, go háirithe i limistéar Emilia agus na Lombairde ina bhfástar an cineál fíniúna Lambrusco. Dá bhrí sin, moltar ‘úrfhíon fíonchaor leathchoipthe’ a chur leis an gcineál Lambrusco Rosato, chun earráid fhollasach a cheartú agus chun díospóidí maidir le dath an táirge ar aon leibhéal a sheachaint, cibé acu idir oibreoirí san earnáil nó i leith na gcomhlachtaí rialúcháin agus/nó maoirseachta.

Baineann an leasú le hAirteagail 1 agus 6 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal ‘Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)’ den doiciméad aonair.

4. *Iarscríbhinn 1 agus tagairtí di a bhaint*

Tuairisc:

Scriosadh Iarscríbhinn 1, ina bhfuil an liosta cineálacha a fhéadfar a fhás i réigiún Emilia-Romagna agus, dá bhrí sin, scriosadh gach tagairt di sa tsonraíocht táirge freisin.

Cúis:

Measter nach bhfuil gá le hIarscríbhinn 1 ós rud é go bhfuil an fhoráil ábhartha sa tsonraíocht, ina dtagraítear do chineálacha a oireann don saothrú le haghaidh réigiún Emilia-Romagna, uileghabhálach cheana féin, ós rud é go gcoinníonn an t-údarás réigiúnach an liosta cineálacha a fhéadfar a fhás cothrom le dáta. Go deimhin, má leagtar amach an liosta cineálacha in iarscríbhinn a ghabhann leis an tsonraíocht (Iarscríbhinn 1), téann an iarscríbhinn as feidhm gach uair a dhéantar athrú ar an liosta réigiúnach, rud a fhágann gur gá leasuithe a dhéanamh ar an tsonraíocht arís agus arís eile.

Baineann an leasú le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus baineann sé le hIarscríbhinn 1 a bhaint.

5. *Dhá chineál nua Lambrusco a chur leis an gcumasc cineálacha fíniúna*

Tuairisc:

Cuireadh na cineálacha Lambrusco Benetti agus Lambrusco del Pellegrino leis an gcumasc cineálacha fíniúna i gcás na gcineálacha Lambrusco Rosso, Rosato agus Vinificato in Bianco.

Cúis:

Áirítear na cineálacha Lambrusco Benetti agus Lambrusco del Pellegrino i liosta réigiúnach na gcineálacha fíniúna a fhéadfar a fhás i réigiún Emilia-Romagna agus dá bhrí sin fástar iad sa limistéar táirgeachta. Trí na cineálacha sin a chur leis an gcumasc cineálacha i gcás na gcineálacha Lambrusco (Rosso, Rosato agus Vinificato in Bianco), ceadaítear do na táirgeoirí lena mbaineann cur le luach a dtáirgí trína n-úsáid i gcás na gcineálacha éagsúla Lambrusco faoin ngnáth-thásc geografach dell'Emilia / Emilia. Déantar an tsonraíocht táirge le haghaidh an ghnáth-tháisc gheografaigh 'dell'Emilia / Emilia' a thabhairt i gcomhréir le sonraíochtaí fíonta ATFC sa limistéar céanna ar a bhfuil ainm cineáil fíniúna Lambrusco, rud a fhágann gur féidir táirgí ag a bhfuil cumaisc comhionanna cineálacha fíniúna a athaicmiú.

Baineann an leasú le hAirteagal (2) den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

6. *Nuashonruithe rialála agus ceartúcháin eagarthóireachta*

Tuairisc:

Tugadh tagairtí don reachtaíocht cothrom le dáta agus rinneadh ceartúcháin eagarthóireachta i bpointí éagsúla den tsonraíocht.

Cúis:

Rinneadh na hathruithe chun na tagairtí cearta don reachtaíocht a áireamh agus chun an téacs a dhéanamh níos soiléire agus níos éasca le léamh.

Baineann an leasú le hAirteagal 5, 7 agus 10 den tsonraíocht táirge.

7. *Sonraíocht maidir leis an táirgeacht próiseála fíonchaor/fíona a chur isteach i gcás cineálacha ar a bhfuil ainm cineáil fíniúna Lambrusco*

Tuairisc:

Cuireadh mír nua leis chun táirgeacht próiseála fíonchaor/fíona a rialáil go sonrach i gcás cineálacha ar a bhfuil ainm cineáil Lambrusco; i gcás na gcineálacha sin, socraíodh an táirgeacht cheadaithe ó fhíonchaora Lambrusco ag 75 %, agus, an tráth céanna, ní mór an táirgeacht 5 % atá fágtha – suas le huastáirgeacht 80 % – a lipéadú gan ainm an chineáil fíniúna, nó a athaicmiú mar fhíon gan ATFC/TGFC.

Cúis:

Rinneadh an leasú chun róshaothrú fhíonchaora Lambrusco a sheachaint, agus é mar chuspóir leis srian a chur leis an táirgeadh agus, ag an am céanna luach eacnamaíoch fhíonta Lambrusco á chosaint.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

8. *Sainmhíniú ar dhéine an datha*

Tuairisc:

Cuireadh mír isteach chun rialáil a dhéanamh ar dhéine uasta an datha a cheadaítear chun cineálacha ar a bhfuil an t-ainm Lambrusco a thrádáil, a mhéid a bhaineann leis na táirgí ábhartha réamhtheachtacha ón bhfíon, na fíonta, fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha buidéalaithe, agus le bulcfhíonta a dhíoltar leis an tomhaltóir deiridh trí úsáid a bhaint as an ngnáth-thásc geografach 'dell'Emilia / Emilia'.

Cúis:

Rinneadh an leasú chun táirgí IGT dell'Emilia / Emilia ar a bhfuil ainm cineáil fíniúna Lambrusco a choinneáil taobh istigh de raon déine datha dea-shainithe agus chun saobhadh margaidh a sheachaint.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

9. *Soiléiriú ar an bhfoclaíocht maidir le tionscnamh táirgí a chuirtear isteach le linn cleachtais fhíoneolaíocha amhail milsiú agus coipeadh tánaisteach*

Tuairisc:

Leasaíodh foclaíocht na míre maidir leis na cineálacha fíniúna a úsáidtear i gcás cineálacha ar a bhfuil ainm cineáil fíniúna, agus tagairt ar leith á déanamh do chainníochtaí na dtáirgí a chuirtear le cleachtais fhíoneolaíocha amhail milsiú agus coipeadh tánaisteach, trí thagairt don limistéar táirgeachta a chur isteach.

Cúis:

Rinneadh an leasú chun a shoiléiriú nach dtagraíonn an t-airteagal sin d'fhíonghoirt, ach do chríoch an táisc gheografaigh arna chríochú ag na teorainneacha riaracháin.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

10. *Sonraíocht a chur isteach chun aitheantas cineáil na gcineálacha ar a bhfuil ainm cineáil Lambrusco a chosaint*

Tuairisc:

Cuireadh mír isteach lena sonraítear nach bhféadfar aon táirgí a fhaightear ó chineálacha seachas cineálacha fhine Lambrusco – ar táirgí iad a chuirtear isteach ag aon céim de phróiseáil agus d'ullmhú cineálacha ar a bhfuil ainm cineáil Lambrusco, lena n-áirítear cumasc féideartha, suas le 15 %, le táirgí a fhaightear ó fhíonchaora a bhuantar lasmuigh den limistéar táirgeachta – a chumasc ach le táirgí a fhaightear ó fhíonghoirt ina bhfástar cineálacha Lambrusco amháin.

Cúis:

Tá an leasú ceaptha chun aitheantas cineáil na gcineálacha Lambrusco a chosaint, ar mhaithe le tomhaltóirí agus chun luach na dtáirgí a fhaightear ón gcineál sin a fheabhsú agus chun rialú níos mó a cheadú ar tháirgeadh agus ar tháirgí a chuirtear isteach ag na céimeanna éagsúla próiseála, suas go dtí go scaoiltear an fíon pacáistithe lena thomhailt, rud a fhágann go mbíonn éifeachtaí dearfacha ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear agus ar luach eacnamaíoch na dtáirgí.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

11. *Saintréithe ar thomhaltas a cheartú agus saintréithe a chur isteach i gcás na gcineálacha nua*

Tuairisc:

Ceartaíodh cuid de na saintréithe ar thomhaltas na gcineálacha atá ann cheana, agus cuireadh isteach na saintréithe ar thomhaltas na gcineálacha nua. De bhreis air sin, cuireadh mír isteach maidir leis an bhféidearthacht gur fíonta modartha a bheidh i bhfíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha an ghnáth-tháisc gheografaigh 'dell'Emilia / Emilia' a tháirgtear trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal, mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Cúis:

Bhí gá leis an leasú seo chun téarmaí a bhí míchruinn, doiléir nó neamhréireach leis an gcatagóir táirgí a bhaint, chun saintréithe na gcineálacha nua a chur isteach agus chun na tuairiscí ar tháirgí a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'den doiciméad aonair.

12. *An téarma 'vivace' (bríomhar) a chur isteach*

Tuairisc:

Cuireadh isteach an fhéidearthacht an téarma traidisiúnta 'vivace' a úsáid, mar a rialáiltear le rialacha reatha an Aontais.

Cúis:

Rinneadh an leasú toisc go bhfuil meas ag tomhaltóirí sa limistéar sin dar saintréith sean-nós an táirgthe fíonta súilíneacha, ar fhíonta a bhfuil broidearnach áirithe acu, fiú i gcineálacha fíonta socra.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

13. *Cuireadh isteach an fhéidearthacht an téarma 'rosé' a úsáid*

Tuairisc:

Cuireadh isteach an fhéidearthacht an téarma 'rosé' a úsáid, mar rogha mhalartach ar an téarma 'Rosato', ar lipéadú gach leagain d'fhíonta *rosé*, lena n-áirítear na fíonta sin ar a bhfuil ainm cineáil fíniúna, agus i ndáil leis an gcineál fíniúna Pinot Grigio chomh maith nuair a dhéantar fíon *rosé* as trí mhaothú ar na craicne.

Cúis:

Rinneadh an leasú chun éilimh an mhargaidh agus na dtáirgeoirí a shásamh.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

14. *An fhéidearthacht an téarma 'rifermentazione in bottiglia' (coipeadh tánaisteach i mbuidéal) a úsáid ar an lipéad*

Tuairisc:

Cuireadh mír isteach chun gur féidir an téarma 'rifermentazione in bottiglia' a úsáid ar an lipéad.

Cúis:

Rinneadh an leasú seo chun tomhaltóirí a chur ar an eolas i gceart faoi úsáid na teicníce táirgthe lena mbaineann coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, teicníc táirgthe a úsáidtear níos minice le blianta beaga anuas, chun fíonta leathshúilíneacha a fháil. Is minic nach mbaintear an mhoirt choipthe as na fíonta, agus is minic a bhíonn an fíon 'modartha' mar gheall ar iarmhair a bheith ann.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

15. *Sonraíocht a chur isteach maidir le díol díreach bhulcfhíonta IGT Emilia i gcás na gcineálacha Lambrusco*

Tuairisc:

Cuireadh sonraíocht leis lena gceadaítear fíonta an TGFC 'dell'Emilia/Emilia' de chineál Lambrusco ina bhfuil íosmhéid siúcra iarmharaigh 5 ghram in aghaidh an lítir, a bhfuil gá leis chun iad a choipeadh go nádúrtha ina dhiaidh sin sa bhuidéal, a dhíol i gcoimeádáin neamh-bhrúchóirithe ag a bhfuil toilleadh idir 10 agus 60 lítear.

Cúis:

Rinneadh an leasú toisc gur rud traidisiúnta é na cineálacha sin, tar éis iad a mhilsiú go hiomchuí, a dhíol ar an mórchóir leis na tomhaltóirí deiridh ('díol i ndeimiseon'). Ansin buidéalaíonn na tomhaltóirí féin an fíon sa bhaile chun fíon leathshúilíneach Lambrusco traidisiúnta a fháil trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal. Tá an nós sin fréamhaithe in Emilia, chomh fréamhaithe gur códaíodh é cheana féin sna sonraíochtaí uile le haghaidh fhíonta ATFC Lambrusco, ina leagtar síos nach bhféadtar ach an cineál leathshúilíneach a scaoileadh lena thomhailt ar an mbealach sin.

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge.

16. *An nasc leis an timpeallacht gheografach a thabhairt cothrom le dáta*

Tuairisc:

Níor leasaíodh an t-airteagal maidir leis an nasc leis an timpeallacht gheografach, ach cinneadh an roinn 'Nasc leis an limistéar geografach'den doiciméad aonair a athscríobh.

Cúis:

Chun an fhaisnéis dá bhforáiltear cheana sa tsonraíocht táirge a áireamh sa doiciméad aonair. Dá bhrí sin, níl i gceist leis ach athrú eagarthóireachta.

Baineann an leasú leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

dell'Emilia / Emilia

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

8. Fíon leathshúilíneach

11. Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe

15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

—

1. *'dell'Emilia / Emilia' Bianco (fíon geal)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí ar dhath na tuí lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: déine mhaith, agus bolaithe bláthacha agus/nó torthaíocha den chuid is mó ar bolaithe iad a athraíonn de réir na gcineálacha fíniúna a úsáidtear agus na timpeallachta fáis;

Blas: idir tirim agus milis, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 13 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

2. *'dell'Emilia / Emilia' Bianco Frizzante (fíon geal leathshúilíneach)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: buí ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: déine mhaith, agus bolaithe bláthacha agus torthaíocha bunúsacha a athraíonn de réir na gcineálacha fíniúna a úsáidtear;

Blas: idir tirim agus milis, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 13 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

3. *'dell'Emilia / Emilia' Bianco Spumante (fíon geal súilíneach)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: buí ar dhath na tuí lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíneálta, cumhra agus sainiúil lena mbaineann bolaithe bláthacha agus torthaíocha;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

4. *'dell'Emilia / Emilia' Bianco Passito (fíon geall físínithe)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath buí órga a dtagann dath ómra air de ghnáth;

Dea-bholadh: cumhra go héadrom;

Blas: milis meánach nó milis taitneamhach, te, mín, beagáinín beoga uaireanta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16 %, a bhfuil ar a laghad 12 % de réir toirte iarbhír;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. *'dell'Emilia / Emilia' Bianco Mosto di uve parzialmente fermentato (úrfhíon fíonchaor geal leathchoipthe)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: buí ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: déine mhaith, agus bolaithe bláthacha agus torthaíocha bunúsacha a athraíonn de réir na gcineálacha fíniúna a úsáidtear;

Blas: milis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,0 %;

Neart alcóil iarbhír de réir toirte: neart íosta 1 % agus neart uasta faoi bhun 7 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 13 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

6. *'dell'Emilia / Emilia' Rosso (fíon dearg)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaí aibí a bheag nó a mhór, in éineacht le bolaithe bláthacha uaireanta, ar bolaithe sailchuach iad de ghnáth, agus bolaithe spíosracha, ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear agus ar an limistéar fáis;

Blas: idir tirim agus milis, séimh agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

7. *'dell'Emilia/Emilia' Rosso Frizzante (fíon dearg leathshúilíneach)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha agus bláthacha úra;

Blas: idir tirim agus milis, blasta agus úire thaitneamhach ag gabháil leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

8. *'dell'Emilia / Emilia' Rosso Spumante (fíon dearg súilíneach)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: dath an rúibín nó dath an ghairnéid lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíneálta, cumhra agus leathan lena mbaineann bolaithe bláthacha;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

9. *'dell'Emilia / Emilia' Rosso Novello (fíon dearg óg)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath geal an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar agus lena mbaineann bolaithe torthaíocha ar leith;

Blas: séimh agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

10. *'dell'Emilia / Emilia' Rosso Passito (fíon dearg rísínithe)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath dian an ghairnéid;

Dea-bholadh: cumhra go héadrom; Blas: milis meánach nó milis taitneamhach, te, mín, beagáinín beoga uaireanta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16 %, a bhfuil 12 % ar a laghad de de réir toirt iarbhír;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

11. *'dell'Emilia / Emilia' Rosso Mosto di uve parzialmente fermentato (úrfhíon fionchaor dearg leathchoipthe)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha agus bláthacha úra;

Blas: milis agus blasta a mbaineann úire thaitneamhach leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,0 %;

Neart alcóil iarbhír de réir toirte: neart íosta 1 % agus neart uasta faoi bhun 7 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

12. 'dell'Emilia / Emilia' Rosato (fíon *rosé*)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: bándearg lena mbaineann déine agus toin éagsúla;

Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha i réim;

Blas: idir tirim agus milis agus díreach an mhíne agus an úire cheart, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

13. 'dell'Emilia / Emilia' Rosato Frizzante (fíon *rosé* leathshúilíneach)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: bándearg agus déine agus toin éagsúla ag gabháil leis;

Dea-bholadh: bolaithe fíneálta bláthacha ag gabháil leis, in éineacht le bolaithe torthaíocha níos tréine ina measc;

Blas: idir tirim agus milis agus díreach an mhíne agus an úire cheart, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

14. 'dell'Emilia / Emilia' Rosato Spumante (fíon *rosé* súilíneach)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: cumhra, sainiúil agus bolaithe bláthacha agus torthaíocha ag gabháil leis;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

15. 'dell'Emilia / Emilia' Rosato Mosto di uve parzialmente fermentato (úrfhíon fíonchaor *rosé* leathchoipthe)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha agus bláthacha úra;

Blas: Milis agus blasta a mbaineann úire thaitneamhach leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Neart alcóil iarbhír de réir toirte: neart íosta 1 % agus neart uasta faoi bhun 7 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

16. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosso*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath dian an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha aibí, in éineacht le bolaithe bláthacha uaireanta;

Blas: idir tirim agus milis, agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

17. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosso Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath dian an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha úra;

Blas: idir tirim agus milis, blasta agus úire thaitneamhach ag gabháil leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

18. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosso Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: dath an rúibín nó dath an ghairnéid lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra agus leathan ar a bhfuil bolaithe torthaíocha;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

19. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosso Novello*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath geal an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar agus lena mbaineann bolaithe torthaíocha ar leith;

Blas: séimh agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

20. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosso Mosto di uve parzialmente fermentato*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha agus bláthacha úra;

Blas: milis agus blasta agus úire thaitneamhach ag gabháil leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,0 %;

Neart alcóil iarbhír de réir toirte: neart íosta 1 % agus neart uasta faoi bhun 7 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

21. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosato*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha den chuid is mó, in éineacht le bolaithe bláthacha;

Blas: idir tirim agus milis, mín, úr, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

22. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosato Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha den chuid is mó, in éineacht le bolaithe bláthacha;

Blas: idir tirim agus milis, mín, úr, blasta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

23. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosato Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: éadrom agus cumhra lena mbaineann bolaithe bláthacha agus torthaíocha;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

24. *'dell'Emilia / Emilia' Ancellotta nó Lancellotta Rosato Mosto di uve parzialmente fermentato*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: bándearg agus déine éagsúil ag gabháil leis;

Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha i réim;

Blas: milis agus blasta agus úire thaitneamhach ag gabháil leis;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Neart alcóil iarbhír de réir toirte: neart íosta 1 % agus neart uasta faoi bhun 7 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

25. *'dell'Emilia / Emilia' Barbera*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, fíneálta ar bhealach taitneamhach;

Blas: tirim, agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

26. *'dell'Emilia / Emilia' Barbera Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath dian an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe láidre torthaíocha;

Blas: tirim, agus úire agus aigéadacht thaitneamhach ann;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

27. *'dell'Emilia / Emilia' Barbera Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: dath an rúibín nó dath an ghairnéid lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra agus leathan, agus bolaithe torthaíocha ag gabháil leis;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

28. *'dell'Emilia / Emilia' Barbera Novello (fíon óg)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath geal an rúibín;

Dea-bholadh: fíonmhar agus bolaithe torthaíocha ar leith ag gabháil leis;

Blas: séimh agus díreach an méid ceart aigéadachta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

29. *'dell'Emilia / Emilia' Barbera Mosto di uve parzialmente fermentato*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath an rúibín lena mbaineann déine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena mbaineann bolaithe torthaíocha agus bláthacha úra;

Blas: milis agus blasta agus úire thaitneamhach ag gabháil leis;

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

118. *'dell'Emilia / Emilia' Sauvignon*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí geal ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: cumhra, sainiúil;

Blas: tirim, tathagach agus úr, blasta, dian;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

119. *'dell'Emilia / Emilia' Sauvignon Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: buí geal ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra, agus bolaithe plandaí ag gabháil leis;

Blas: tirim, tathagach agus úr, blasta, dian, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

120. *'dell'Emilia / Emilia' Sauvignon Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: buí éadrom ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: cumhra, sainiúil;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

121. *'dell'Emilia / Emilia' Sauvignon Passito*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath buí órga a dtagann dath ómra air de ghnáth;

Dea-bholadh: cumhra go héadrom;

Blas: milis meánach nó milis taitneamhach, te, mín, beagáinín beoga uaireanta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16 %, dá bhfuil 12 % ar a laghad de réir toirt iarbhír;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

122. *'dell'Emilia / Emilia' Spergola*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra agus sainiúil lena mbaineann bolaithe torthaíocha;

Blas: idir tirim agus milis, tathagach agus úr, blasta, dian, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

123. *'dell'Emilia / Emilia' Spergola Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: buí geal ar dhath na tuí;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra agus sainiúil lena mbaineann bolaithe torthaíocha;

Blas: idir tirim agus milis, tathagach agus úr, blasta, dian, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

124. *'dell'Emilia / Emilia' Spergola Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: dath buí na tuí mar aon le gealáin órga;

Dea-bholadh: cumhra, sainiúil lena mbaineann bolaithe plandaí;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

125. *'dell'Emilia / Emilia' Spergola Passito*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath buí órga a dtagann dath ómra air de ghnáth;

Dea-bholadh: cumhra go héadrom;

Blas: milis meánach nó milis taitneamhach, te, mín, beagáinín beoga uaireanta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16 %, dá bhfuil 12 % ar a laghad de réir toirt iarbhír;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

126. *'dell'Emilia / Emilia' Trebbiano*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath buí geal órga;

Dea-bholadh: fíneálta, agus bolaithe plandaí ag gabháil leis;

Blas: idir tirim agus milis, tathagach, beagáinín aramatach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

127. *'dell'Emilia / Emilia' Trebbiano Frizzante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: bríomhar, neamhbhuan;

Dath: dath buí geal órga;

Dea-bholadh: éadrom, cumhra, sainiúil agus bolaithe torthaíocha ag gabháil leis;

Blas: idir tirim agus milis, tathagach agus úr, blasta, dian, comhchuí;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

128. *'dell'Emilia / Emilia' Trebbiano Spumante*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Boilgeoga: mín agus marthanach;

Dath: buí órga;

Dea-bholadh: cumhra, sainiúil;

Blas: idir *brut nature* agus milis, úr, comhchuí ar a bhfuil rian fíneálta de ghiosta;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Nuair a tháirgtear é trí úsáid a bhaint as coipeadh tánaisteach sa bhuidéal, d'fhéadfadh an fíon a bheith modartha mar gheall ar iarmhair an choipthe.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,0 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Saibhriú – Milsiú agus coipeadh tánaisteach

Srian ábhartha ar chleachtais fhíoneolaíocha

Féadfar an neart alcóil nádúrtha de réir toirte a mhéadú trí shaibhriú le húrfhíon fíonchaor tiubhaithe a fhaightear ó fhíonchaora a thagann ón limistéar táirgeachta críochaithe nó le húrfhíon fíonchaor tiubhaithe agus coigeartaithe, laistigh de na teorainneacha atá ann i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta agus mar a leagtar amach sa reachtaíocht sin.

Forchoimeádtar an gnáth-thásc geografach 'dell'Emilia' / 'Emilia' le haghaidh táirgí fíniúna sna catagóirí ábhartha a dtagann 85 % ar a laghad de na táirgí, nó aon táirge réamhtheachtach de chuid an fhíona, ón limistéar táirgeachta críochaithe, lena n-áirítear aon táirge a úsáidtear chun milsiú agus coipeadh tánaisteach a dhéanamh.

2. Coipeadh gan chraicne ó fhíonchaora Pinot Nero

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Go traidisiúnta, bíonn fíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha á dtáirgeadh trí fhíonchaora Pinot Nero a choipeadh gan na craicne. Le coipeadh gan craicne ó fhíonchaora Pinot Nero, is féidir fíon a tháirgeadh a bhfuil dath geal air agus a bhfuil dea-bholadh taitneamhach air lena mbaineann bolaithe galánta agus cúr mín marthanach.

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1. Bianco, Rosso, Rosato, Fogarina, Fortana, Lambrusco, Montù, Trebbiano – tá gach cineál cumhdaithe seachas Passito

29 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Alionza, Ancellotta, Moscato Bianco, Grechetto Gentile – tá gach cineál cumhdaithe seachas Passito

26 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Malvasia (ó Malvasia di Candia Aromatica) – gach cineál cumhdaithe seachas Passito

24 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Chardonnay, Spergola, Sauvignon – gach cineál cumhdaithe seachas Passito

23 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Barbera, Cabernet, Cabernet Franc, Sangiovese – gach cineál clúdaithe seachas Passito

21 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Cabernet Sauvignon, Malbo Gentile, Malvasia Bianca, Marzemino, Merlot – gach cineál cumhdaithe seachas Passito

20 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. Pinot Bianco, Pinot Grigio, Pinot Nero, Riesling Italico – gach cineál cumhdaithe seachas Passito

20 000 kg fíonchaor in aghaidh an heicteáir

8. Bianco Passito, Rosso Passito, Fogarina Passito

145 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Grechetto Gentile Passito

130 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Malvasia (ó Malvasia di Candia Aromatica) Passito

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Spergola Passito

115 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Sauvignon Passito

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Malbo Gentile Passito, Marzemino Passito

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Sa limistéar ina bhfástar na fíonchaora a úsáidtear i dtáirgeadh fíonta agus úrfhíonta fíonchaor leathchoipthe ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'dell'Emilia / Emilia', cumhdaítear críoch riaracháin iomlán chúigí Bologna, Ferrara, Modena, Parma, Piacenza agus Reggio Emilia. I gcúige Bologna, féadfar an tásc geografach faoi chosaint 'dell'Emilia / Emilia' a úsáid le haghaidh fíonchaora a fhástar ar bhruach deas Abhainn Sillaro a bheartaítear a úsáid i dtáirgeadh na dtáirgí fíniúna a chumhdaítear leis an ainmniúchán, cé is moite de na cineálacha Lambrusco.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Alionza B.

Ancellotta N. – Lancellotta

Barbera N.

Cabernet Franc N. – Cabernet

Cabernet Sauvignon N. – Cabernet

Chardonnay B.

Fogarina N.

Fortana N. – Uva d'oro

Lambrusco Barghi N. – Lambrusco

Lambrusco Benetti N. – Lambrusco

Lambrusco Grasparossa N. – Groppello Grasparossa

Lambrusco Grasparossa N. – Lambrusco

Lambrusco Maestri N. – Lambrusco

Lambrusco Marani N. – Lambrusco

Lambrusco Montericco N. – Lambrusco

Lambrusco Oliva N. – Lambrusco

Lambrusco Salamino N. – Lambrusco

Lambrusco Viadanese N. – Lambrusco

Lambrusco a Foglia Frastagliata N. – Enantio N.

Lambrusco a Foglia Frastagliata N. – Lambrusco

Lambrusco del Pellegrino N. – Lambrusco

Lambrusco di Sorbara N. – Lambrusco

Malbo Gentile N.

Malvasia Bianca di Candia B. – Malvasia

Malvasia di Candia Aromatica B. – Malvasia

Marzemino N. – Berzemino

Melara B.

Merlese N.

Merlot N.

Montù B. – Montuni

Moscato Bianco B. – Moscato

Pignoletto B. – Grechetto Gentile

Pinot Bianco B. – Pinot

Pinot Grigio – Pinot

Pinot Nero N. – Pinot

Riesling Italico B. – Riesling

Sangiovese N. – Sangioveto

Sauvignon B. – Sauvignon Blanc

Spergola B.

Terrano N. – Lambrusco dal Peduncolo Rosso

Trebbiano Modenese B. – Trebbiano

Trebbiano Romagnolo B. – Trebbiano

Trebbiano toscano B. – Biancame B.

Trebbiano Toscano B. - Trebbiano

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. A) *Faisnéis maidir leis an limistéar geografach*

1) Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Maidir leis na catagóirí uile a chumhdaítear leis an tsonraíocht, cuimsíonn an limistéar táirgeachta le haghaidh fíonta an TGFC 'dell'Emilia / Emilia' críoch riaracháin iomlán chúigí Bologna, Ferrara, Modena, Parma, Piacenza agus Reggio Emilia.

Tá dálaí aonfhoirmeacha ithreach agus aeráide sa limistéar sin mar gheall ar thionscnamh coiteann, luí agus treoíocht na talún, agus tá an limistéar ar fad an-oiriúnach do na gníomhaíochtaí físonsaothrúcháin atá faoi bhláth ann. Go háirithe, chruthaigh na dálaí aeráide tírdhreach aonfhoirmeach, rud a chiallaíonn go n-úsáideann fíonghoirt ar fud an limistéir ina ndéantar fíonta an TGFC 'dell'Emilia' / 'Emilia' na teicnící saothraithe céanna den chuid is mó.

Chun limistéir idirghníomhaíochta aonchineálacha idir na cineálacha fíniúna agus an comhshaol a áirithiú, cuireadh an talamh ar bhruach deas Abhainn Sillaro, ar le cúige Bologna é, leis an limistéar táirgeachta. Tá saintréithe ithreach agus aeráide sa limistéar sin atá comhchosúil le saintréithe an limistéir táirgeachta atá ann faoi láthair, ar saintréith de ithreacha atá an-domhain, d'uigeacht mheánach, cailcreach ar éigean go measartha cailcreach sa léaslíne saothraithe agus an-chailcreach sna léaslínte doimhne, ó pH-neodrach go alcaileach ar éigean, agus infhaighteacht mhaith ocsaigine agus acmhainneachtaí táirgeachta maithe le haghaidh na bpríomhbharr is féidir a fhás.

Cuimsíonn an limistéar críochaithe a chumhdaíonn sé chúige, ón bhforimeall is faide siar, tírdhreacha an-éagsúil, atá roinnte beagnach go cothrom idir timpeallacht mhachaire agus timpeallacht cnoic Aipinínigh. Tá dálaí aonfhoirmeacha ithreach agus aeráide sa limistéar sin mar gheall ar thionscnamh coiteann, luí agus treoíocht na talún. Tá tírdhreach aonfhoirmeach cruthaithe ag gnéithe éagsúla den aeráid, rud a d'fhág go bhfuil barra aonfhoirmeacha ann. Dá bhrí sin, déantar na cineálacha fíniúna a úsáidtear chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil an gnáth-thásc geografach 'Emilia' a threorú agus a fhás trí úsáid a bhaint as teicnící atá an-aonchineálach ar fud an limistéir.

Síneann an machaire, atá idir 2 agus 70 m ar airde os cionn leibhéal na farraige de ghnáth, ar feadh limistéar leanúnach ó Abhainn Po go dtí cósta Mhuir Aidriad, agus síneann sé chomh fada le gleannta leathana na nAipiníní a shroicheann airdí suas le 150 m os cionn leibhéal na farraige. Sna bunchnoic chothroma agus sa mhachaire glárach ar saintréith de sil-leagain ingearacha, tagann na dríodair ó aibhneacha agus sruthanna na nAipiníní den chuid is mó, ach ba é Abhainn Po a chruthaigh dríodair an mhachaire lúbaigh agus an mhachaire deilte.

Is limistéar leanúnach iad cnoic na nAipiníní a shíneann ó na chéad chnoic go dtí droim na nAipiníní, lena n-áirítear machaire idirchriosach, droimneach, ach is ar éigean atá aon ísealchríoch ann sa chuid thoir theas den réigiún nach n-áirítear sa limistéar críochaithe. Tá an airde sa raon idir 100 agus 2 200 méadar, ach tá formhór na bhfíonghort le fáil faoi bhun airde 600 méadar. Is mó carraigeacha dríodair atá ann, agus tá raon leathan lititíopaí ann (gaineamhchloch, cré, aolchloch, cailc, gaineamh agus comhcheirtleáin). Tá mósáic chasta de dháilte ithreacha ann, mar gheall ar éagsúlacht na dtosca oragrafacha áitiúla agus ar thionchair a bhaineann le próisis mhorfaiginiteacha, castacht struchtúr agus dháileadh geolaíoch na lititíopaí, agus éagsúlacht na haeráide, an fhásra agus na hidirghabhála daonna.

Faightear fíonghoirt ag airdí éagsúla, ó na machairí suas, ag brath ar an limistéar, ar na cineálacha fíniúna a fhástar agus ar an traidisiún fíonsaothraithe agus fíoneolaíoch; is é an limistéar ina bhfuil an líon is lú fíniúnacha na hAipiníní arda, áit a bhfuil an aeráid rófhuar. Tá patrúin teochta an-athraitheach sa limistéar, sa raon idir teocht fho-ilchríochach (an ceann is oiriúnaí do limistéar fíonsaothrúcháin) agus teocht fhionnuar. Ar na machairí, bíonn an aeráid níos ilchríochaí, ina mbíonn na meánluachanna bliantúla thart ar 14-16 °C. Idir 600 agus 800 mm a bhíonn an fhrasaíocht bhliantúil, is san fhómhar is mó a bhíonn sí agus, san earrach, ar bhonn níos lú. Is lú báisteach a thiteann sa limistéar thoir thuaidh, i ndeilte Po, áit a mbíonn tionchar follasach ag an bhfarraige.

Is le linn an tsamhraidh is mó a bhíonn ganntanais uisce ann agus maolaítear iad le hard-bhogthaise choibhneasta aeir agus leis an infhaighteacht uisce dromchla. Is mó báisteach a thiteann ag airdí níos airde, ag leibhéil éagsúla ó thart ar 800 m ar imeall na nAipiníní os cionn na machairí go dtí breis is 2 000 mm sna hAipiníní arda, áit a mbíonn níos mó laethanta báistí ann freisin. Leanann an chothromaíocht hidrea-aeráide an treocht chéanna leis an mbáisteach, agus bíonn luachanna ó thart ar 400 mm sna machairí intíre go 0 ar na hAipiníní láir, agus bíonn luachanna dearfacha i gceist ag airdí is airde.

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá nasc láidir ann idir tosca daonna agus an comhshaol ós rud é go bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag daoine sa limistéar fíonsaothrúcháin i dtaca le fíonta 'Emilia' a tháirgeadh. Tá bunúis ársa ag fíonghoirt Emilia, toisc go bhfuarthas síolta fíonchaor ón Iarannaois ag láithreáin éagsúla Terramare sa limistéar. Is iad na cineálacha is ársa sa réigiún fíniúnacha Lambrusco, go cinnte de thionscnamh Eatrúscach agus, in aon chás, níos gaire go géiniteach do na fíniúnacha fiáine as ar roghnaíodh iad. Chuir Paileo-Ligiúraigh, Eatrúscaigh agus Rómhánaigh fíniúnacha sa chríoch chríochaithe, agus iad ag teacht faoi thionchar daonraí Ceilteacha freisin. Mar thoradh ar na tionchair éagsúla sin, scaipeadh dhá chóras treoraithe: *arbustum gallicum*, ar dá réir a dtreoraítear na fíniúnacha ar chrainn bheo, níos airde agus níos oiriúnaí do thimpeallachtaí machaire torthúla, agus *vinea characatae*, ar córas treoraithe íseal é de thionscnamh na Gréige, agus é oiriúnach do limistéir chnocacha. Ina dhiaidh sin, luann agus molann roinnt údar Rómhánach leathadh fhíonsaothrúchán de chuid Emilia a mbíonn rath air agus a tháirgeann fíonta maithe. Lean an fíonsaothrú ag forbairt le linn na Meánaoiseanna a bhuí le hobair mhuintir an tsráidbhaile agus manaigh an limistéir a tháirg *verjuice*. In 1300, scríobh Pietro de" Crescenzi faoi thart ar 30 cineál fíniúnacha agus fíonta a táirgeadh in Emilia, ó na machairí go dtí na sléibhte, lena n-áirítear Trebbiano, Grechetto Gentile ("Pignuolo") agus na cineálacha Lambrusco.

Is ábhar spéisiúil é an cuntas stairiúil ar an gcaoi ar fhorbair fíonsaothrú agus na fíonta iad féin ó bhí an 14ú haois ann, ó na machairí is ísle go dtí na cnoic is airde. Scríobh Pietro de' Crescenzi an méid seo a leanas: 'Agus is de speiceas eile é, ar a dtugtar *duracla*, a bhíonn an-dubh agus a mbíonn fíonchaora fada air, agus as a ndéantar fíon maith atá an-dubh in ithreacha bogthais agus fliucha, ach ní bhíonn rath air sna sléibhte ná sna háiteanna tirime: agus roghnaítear an speiceas sin thar aon cheann eile in Ferrara; agus tá speiceas eile ann, ar a dtugtar *gmaresta*, nach mbíonn chomh dubh sin agus a mbíonn fíonchaora fada air, agus scoitheann sé a dhuilleoga go léir sula n-aibíonn sé, agus bíonn blas searbh agus fínéagair air, bíonn méid meánach torthaí air, agus déanann sé triopaill neamhchoitianta agus fíon sármhaith agus an-taitneamhach agus ní mian le héin, madraí ná fir an fíonchaor sin a ithe; agus tá sé le fáil go coitianta i gcodanna sléibhtiúla Bologna.' Scaip cáil fhíonta Emilia ansin i gcaitheamh na gcéadta blianta, i gcás fíonta dearga agus geala, fíonta socra agus leathshúilíneacha, agus i gcás fíonta licéir nó rísínithe freisin, mar is léir ó thaispeántais fíona idirnáisiúnta éagsúla (e.g. catalóg náisiúnta Thaispeántas na hIodáile 1861), go dtí gur aithníodh go hoifigiúil é nuair a tugadh isteach na hainmniúcháin tionscnaimh. In 1925, tháirg Norberto Marzotto liosta suimiúil fíonchaor a fhástar i gcúigí éagsúla Emilia, ina liostaítear na cineálacha uile de na cineálacha a shonraítear in Airteagal 2, lena n-áirítear roinnt cineálacha an-áitiúil amhail Spergola, Moscato, Fogarina agus Termarina. Níor luadh aon chineál idirnáisiúnta, toisc nach raibh spéis ag an údar iontu, ach bhí siad forleathan ar fud na críche freisin. Go luath sna 1950idí, tháinig borradh agus inmharthanacht eacnamaíoch arís ar an bhfíonsaothrú sa limistéar a bhuí le héachtaí tráchtála comhsheasmhacha suntasacha a d'fhág go rabhthas in ann fíonta IGT 'Emilia' a thrádáil i bhfad i gcéin, go háirithe iad siúd a bhí á ndéanamh as na cineálacha fíniúna Lambrusco, Malvasia, Grechetto Gentile agus Trebbiano. In 1967, formheasadh trí ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint sa limistéar lena mbaineann, agus tháinig méadú go 10 gcinn sna deich mbliana ina dhiaidh sin, rud a dheimhnigh gairm láidir fíonóireachta an limistéir. Le Foraithne Aireachta an 18 Samhain 1995 formheasadh an gnáth-thásc geografach 'dell'Emilia' / 'Emilia', a bhfuil a theorainneacha go pointe áirithe nó go hiomlán laistigh de thásc níos leithne 'Emilia'.

Tá acmhainneacht fíonsaothrúcháin ard fhoriomlán ag an limistéar críochaithe, ós rud é go bhfuil 32 427 heicteár faoi fhíniúnacha liostaithe i staidreamh ISTAT don bhliain 2000. Bhí na cainníochtaí d'fhíon IGT 'Emilia' a tháirgeann na fíonghoirt sin ard i gcónaí i gcaitheamh na mblianta In 2009, de réir Fhaireachlann ISMEA-MIPAAF, shroich táirgeadh fíonchaor 130 000 tona, a fásadh ar thart ar 6 300 heicteár, arb é an tríú táirgeadh is mó de chuid táisc gheografaigh sa tír. Tá níos mó fíonta dearga ann ná fíonta geala.

Tá an toisc dhaonna fíor-riachtanach le haghaidh an ghnáth-tháisc gheografaigh i dtéarmaí na nithe seo a leanas:

— na cineálacha fíniúna a fhástar sna fíonghoirt: is iad na cineálacha fíniúna na cineálacha fíniúna a fhástar go traidisiúnta sa limistéar críochaithe, ar cineálacha dúchasacha de chuid limistéar Emilia roinn díobh agus nach bhfástar ach go háitiúil;

— na teicnící feirmeoireachta a úsáidtear: is iad na córais treoraithe agus plandaithe na córais a tháinig chun cinn le himeacht aimsire sa limistéar, agus iad dírithe ar tháirgeachtaí a shrianadh agus na cáilíochtaí a cheanglaítear leis an tsonraíocht a bhaint amach. Cothaíonn na dálaí ithreach agus aeráide fás na bhfíniúnacha go nádúrtha, agus roghnaigh feirmeacha córas treoraithe tródam buan lena ngabhann géaga sleabhctha lenar féidir fás bríomhar na bplandaí a shrianadh, rud a fhágann gur féidir leis na bachlóga a dháileadh go cothrom, go bhfuil na plandaí in ann a n-acmhainneacht táirgeachta a bhaint amach, an fuinneamh radanta a ghabháil agus a áirithiú go bhfaigheann na triopaill dóthain aeir agus solais. Is iad na córais treoraithe is coitianta a úsáidtear an tródam saor, an tródam sportha, cuirtín dúbailte na Ginéive, an Guyot agus an Sylvoz. Tá an dlús plandaithe sa raon idir 2 500 agus 3 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir in ithreacha ísealchríche agus sa raon idir 3 000 agus 4 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir in imeall na nAipiníní agus in ailt sna hAipiníní ísle. Is iad seo a leanas na fréamhstoic is coitianta a úsáidtear: Kober5BB, SO4, 420A, 1103P;

— cleachtais fhíoneolaíocha: bunaithe go traidisiúnta sa limistéar chun fíonta dearga agus geala a tháirgeadh, socra nó leathshúilíneach i gcás na gcineálacha a cheadaítear leis an tsonraíocht, chomh maith le fíonta rísínithe agus fíonta óga a tháirgeadh.

8.2. B) *Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí.*

Ó thaobh anailíse agus tréithe orgánaileipteacha de, tá saintréithe an-soiléir agus an-sainiúil sna fíonta a chumhdaítear leis an tsonraíocht táirge sin, mar a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 6, rud a chiallaíonn gur féidir iad a shainaithint go soiléir agus a mheas mar ghnáth-shaintréithe den timpeallacht gheografach. Go ginearálta, is in Emilia a thosaigh na fíonta leathshúilíneacha ar dtús, mar thoradh ar thraidisiún áitiúil seanbhunaithe, ar dá réir a chumasctar fíonta ó na machairí agus ó thaobh na gcnoc, agus ó oirthear go hiarthar an réigiúin, ach tá roinnt mórfhíonta socra dearga agus geala ann freisin ó na ceantair chnocacha den chuid is mó.

Go háirithe, áirítear ar na fíonta de chineál dearg fíonta socra, cothroma agus torthaíocha amhail Cabernet (Cabernet Franc agus Sauvignon), Merlot, Pinot Nero agus Sangiovese, seachas fíonta ar féidir leo a bheith socair nó leathshúilíneach, amhail Malbo Gentile, Marzemino, Ancellotta agus Barbera, nó na gnáthfhíonta leathshúilíneacha, lena ngabhann aigéadacht chothromaithe agus boladh, amhail fíonta IGT 'Emilia' Lambrusco, Fogarina agus Fortana.

Táirgtear na fíonta geala uile i leaganacha socra nó leathshúilíneacha, agus is é an ceann deireanach atá níos forleithne, mar aon le cineálacha aramatacha freisin amhail Malvasia di Candia Aromatica agus Moscato Bianco. Cuidíonn na boilgeoga traidisiúnta i bhfíonta leathshúilíneacha leis an mblas a chothromú trí bholadh na gcineálacha fíniúna a fheabhsú. Tá na leibhéil chearta aigéadachta, lena n-áirítear aigéad malach, ag fíonta geala, ó chineálacha fíniúna idirnáisiúnta amhail Sauvignon nó Chardonnay araon, agus fíonta réigiúnacha nó áitiúla, amhail Grechetto Gentile, Montù nó Spergola, chun boladh na gcineálacha fíniúna a fheabhsú.

Sna limistéir is oiriúnaí don fhíonsaothrú, táirgtear fíonta a bhfuil blas agus struchtúr suimiúil orthu, go háirithe sna limistéir chnocacha, inar féidir fíonta níos struchtúrtha a fháil, fiú fíonta rísínithe, atá traidisiúnta sa limistéar.

Sna leaganacha óga d'fhíonta IGT 'Emilia', cumascann na blasanna a thagann as maothú carbónach na bhfíonchaor le hairíonna céadfacha an chineáil fíniúna agus na timpeallachta fáis.

Tagann táirgeadh fíonta súilíneacha go díreach ó tháirgeadh fíonta leathshúilíneacha, agus úsáidtear coipeadh tánaisteach go forleathan i gcoimeádáin mhóra dhúnta ó bhí 1950 ann. Leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh, ar teicneolaíochtaí iad arna nglacadh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair, ceadaítear cineálacha éagsúla a fháil, idir tirim agus milis, ag brath ar an méid siúcra iarmharaigh.

8.3. C) *Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B.*

Tá an limistéar geografach críochaithe an-inathraitheach, agus tá gnéithe ann as ar lean cineálacha éagsúla fíonsaothraithe agus as ar eascair cineálacha éagsúla fíniúna, cineálacha a bhaineann go sonrach le gach limistéar. Tá thart ar 60 % d'fhíonghoirt 'Emilia' suite ar na machairí agus 38 % ar bhunchnoic na sléibhte (Istat, 2000). Léiríonn na fíonta an dá mhacrairéigiún fíonsaothrúcháin de chuid Emilia-Romagna, toisc go dtáirgtear fíonta sna machairí atá níos úire agus níos éasca le hól agus, ag an am céanna, is minic a bhíonn dea-bholaithe agus blasanna níos struchtúrtha, níos galánta agus níos seasmhaí ar fhíonta thaobh an chnoic.

Go ginearálta, ligeann dálaí gréine agus teochta an limistéir faoi fhíniúnacha sa limistéar geografach críochaithe do na fíonchaora aibiú go leordhóthanach. Faightear na laethanta céime fáis is airde ar na machairí, is é sin 2 400 céim (innéacs Winkler), agus laghdaíonn sé sin de réir mar a mhéadaíonn an airde. Ar thaobh na gcnoc, is iad na limistéir atá faoi fhíniúnacha go traidisiúnta, áit ina dtáirgtear fíonta ar ardchaighdeán, na limistéir a bhfuil na dálaí aeráide is fearr iontu, ar fhánaí ag a bhfuil treoíocht mhaith nó i ngleannta atá cosanta ar shruthanna aeir fhuair.

Tá fíonsaothrú ar thaobhanna cnoic níos forleithne i gcúigí Piacenza, Parma agus Bologna. Oireann cineálacha fíniúna gearr-timthrialla níos fearr d'airdí níos airde, áit a mbíonn fíonghoirt níos imeallaí, ina bhfuil ithreacha éadoimhne a thagann faoi réir creimeadh dian. Tá na dálaí is fearr sa limistéar ísealchríche le haghaidh cineálacha a bhfuil an gá is mó acu le teas, amhail cineálacha Lambrusco, atá níos forleithne i gcuid lárnach an réigiúin, go háirithe i gcúigí Reggio Emilia agus Modena, agus tá dálaí den scoth san imeall Aipiníneach agus sna hAipiníní ísle, mar a mbuaileann na chéad chnoic agus na chéad ghleannta le chéile, le haghaidh líon mór cineálacha fíniúna, ó fhíonta geala go fíonta dearga, chun fíonta socra agus leathshúilíneacha a tháirgeadh, nó fíonta rísínithe a tháirgeadh fiú. Sa chás sin, maolaítear an aeráid ilchríochach le dálaí níos gaofaire agus frasaíocht níos airde, agus roghnaítear na fánaí agus na hithreacha níos ilchineálaí de réir an chineáil táirge inmhianaithe.

Áirithíonn an aeráid fho-ilchríochach báisteach leordhóthanach i rith na bliana agus, ag an am céanna, maolaítear triomaigh shamhraidh sna machairí trí shruthchúrsaí agus ithreacha doimhne a bheith ann agus, sna cnoic, trí níos mó báistí a thiteann ar bhealach atá dáilte níos fearr, rud a fhágann go mbíonn na timpeallachtaí fíonsaothrúcháin fabhracha sin i gceist.

Tá cuid mhór feiniméan áitiúil sainiúil ann, amhail ar na machairí gar do Ferrara, áit a bhfuil ithreacha ón deilte agus ó na mhachairí cósta, ag airdí faoi bhun leibhéal na farraige, lena ngabhann hidreamoirfeacht éadomhain, ach ina gcuirtear in aghaidh infhaighteacht uisce na hithreach le luach imghalaithe frasaíochta an-diúltach; fástar an cineál Fortana go traidisiúnta sa timpeallacht sin.

Go ginearálta, áfach, mar thoradh ar éagsúlachtaí móra idir teocht na hoíche agus teocht an lae nuair atá na fíonchaora ag aibiú, in éineacht le hithreacha fo-alcaileacha nó alcaileacha den chuid is mó, ithreacha a bhfuil uigeacht mhín nó measartha mín acu, bíonn fíonta cumhra ann a bhfuil cion ard polaifeanóil iontu, rud a thugann a ngnáth-shaintréithe orgánaileipteacha do na fíonta.

Bíonn táirgí fíonsaothrúcháin agus táirgí fíona éagsúil ón iarthar go dtí an t-oirthear freisin, de réir thraidisiúin na limistéar aonair. Táirgtear an méid is mó fíona sna machairí agus áirítear leo limistéar stairiúil Eatrúscach Emilia ina dtáirgtear fíonta Lambrusco, limistéar ina bhfástar cineálacha Trebbiano, agus limistéar speisialta de chúige Ferrara, gar don chósta, áit a bhfuil an fíonchaor Fortana i réim. Sna cnoic, ón iarthar go dtí an t-oirthear, tá traidisiún fíonsaothrúcháin Gréag-Rómhánach ann i gcnoic Piacenza, ar traidisiún é a bhaineann leis na cineálacha fíniúna Barbera agus Croatina, agus Malvasia di Candia Aromatica traidisiúnta, a shíneann chomh fada le cnoic Parma agus Reggio Emilia. Ar thaobhanna na gcnoc, fástar cuid mhór cineálacha fíniúna idirnáisiúnta agus áitiúla eile, lena n-áirítear Sauvignon, Spergola, Montuni agus Grechetto Gentile, a bhfuil an ceann is déanaí atá luaite le fáil go forleathan i limistéar Bologna, mar aon leis na fíonta dearga a úsáidtear chun fíonta de chineál Cabernet agus Merlot Bordeaux a dhéanamh. Ar theorainneacha thoir an limistéir chnocaigh, faightear na cineálacha stairiúla Sangiovese agus Albana freisin.

Léirítear tábhacht an fhíonsaothraithe sa limistéar sin leis an iliomad fíonghort laistigh den limistéar críochaithe agus leis na céadta míle heictilítear d'fhíon 'Emilia' a tháirgtear agus a chuirtear ar an margadh gach bliain ar fud an domhain.

8.4. *'dell'Emilia / Emilia' – catagóir: fíon ó fhíonchaora rísínithe*

Faisnéis maidir le cáilíochtaí sonracha táirge is féidir a chur i leith a thionscnaimh gheografaigh, agus nasc cúisíoch leis an limistéar geografach.

Ag brath ar an gcineál a úsáidtear, athraíonn an dath ó dhath buí órga go dath ómra sna fíonta geala go dath an ghairnéid. Bíonn an dea-bholadh éadrom agus sainiúil lena mbaineann bolaithe fíonchaor rísínithe, spíosrach uaireanta, agus cuireann sé mil agus torthaí aibí i gcuimhne. Bíonn an blas lán agus comhchuí agus d'fhéadfadh sé a bheith sa raon idir tirim agus milis cé go bhfuil méid siúcra níos mó i bhformhór na bhfíonta.

Is féidir fíonta Passito a dhéanamh as na cineálacha fíniúna uile, idir bhán agus dhubh, ach is iad na cineálacha fíniúna aramatacha (Moscato Giallo, Moscato Rosa, Traminer Aromatico) agus cineálacha leatharamatacha (Goldtraminer, Nosiola, Riesling Renano, Sauvignon, etc.) na cineálacha is minice a úsáidtear.

Triomaítear na fíonchaora ag áitreabh triomaithe speisialta, agus athraíonn fad na tréimhse rísínithe de réir dhéine na saintréithe ar chucu a bhfuil sé beartaithe an táirge críochnaithe a thabhairt leis an teicníc.

Sainaithníonn an táirgeoir na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta Passito a tháirgeadh ar bhonn saintréithe sonracha fisiceacha agus cáilíochta an triopaill.

Tá triopaill ina bhfuil neart spáis ann idir na fíonchaora an-oiriúnach lena dtriomú agus roghnaítear iad san fhíonghort tráth na buainte.

Tá an t-athrú suntasach sa teocht idir an lá agus an oíche fabhrach don triomú, rud atá suntasach go háirithe le linn dheireadh an tsamhraidh agus an fhómhair.

Bíonn tionchar ag dálaí ithreach agus aeráide an limistéir táirgeachta ar shaintréithe cáilíochta na bhfíonta. Áirithíonn an aeráid mheasartha, fhionnuar agus ghaofar, na hithreacha dea-dhraenáilte a bhfuil dóthain uisce ar fáil iontu mar gheall ar bháisteach a thiteann i míonna an tsamhraidh, agus éagsúlachtaí suntasacha idir teocht na hoíche agus teocht an lae de réir mar a aibíonn na fíonchaora, aibiú optamach na dtriopall fíonchaor, as a dtagann fíonchaora ina bhfuil méid maith siúcra agus aigéid, agus sin cumasctha le saintréithe cáilíochta agus orgánaileipteacha eile a bhaineann go sonrach le gach cineál agus ar féidir iad a bhrath freisin sna fíonta a dhéantar astu.

Dá bhrí sin, tá an nasc cúisíoch bunaithe ar cháilíochtaí sonracha an táirge is féidir a chur i leith an tionscnaimh gheografaigh.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Maolú ar fhíonóireacht agus ar phróiseáil sa limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcomhréir leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, féadfaidh an próiseas déanta úrfhíona fíonchaor leathchoipthe agus gach catagóire eile d'fhíon an TGFC 'dell'Emilia / Emilia', lena n-áirítear táirgeadh agus coipeadh tánaisteach fíona leathshúilínigh agus fíona shúilínigh, seachas sa limistéar táirgeachta críochaithe, tarlú freisin laistigh de theorainneacha chúigí in aice láimhe Ravenna, Forlì-Cesena, Mantua agus Cremona.

Tásc ar lipéad dhá chineál fíniúna nó níos mó

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun fíonta an TGFC 'dell'Emilia / Emilia' a ainmniú le hainmneacha dhá chineál fíniúna nó níos mó, ní mór 15 % d'iomlán gach cineáil 'mion' a bheith i gceist, agus ní mór na cineálacha a léiriú ar an lipéad in ord íslitheach maidir le méid iarbhír na bhfíonchaor a úsáidtear.

Déantar é sin chun a áirithiú go léiríonn na fíonta a fhaightear agus a ainmnítear ar an gcaoi sin saintréithe na gcineálacha fíniúna uile as a ndéantar iad ionas nach dtabharfar faisnéis mhíthreorach don tomhaltóir, ós rud é nach leagtar síos íoschéatadán le reachtaíocht ábhartha an Aontais (Airteagal 50(1)(a)(ii) de Rialachán (AE) 2019/33) le haghaidh na gcineálacha fíniúna 'mion' a úsáidtear.

Tá an fhoráil shriantach sin i gcomhréir le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) 2019/33, lena gceadaítear do na Ballstáit forálacha lipéadaithe níos sriantaí a leagan síos sna sonraíochtaí táirge, lena n-áirítear maidir le léiriú cineálacha fíniúna.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/22203